

TAOBH ISTIGH

Scléip 2014 2

Fiontraíocht na
hIdirbhlana 2

Obair
Charthanachta 2

Comórtas
"Poetry Aloud" 2

Cursaí Spóirt 4

lxl.com 4

Comhairle na
Mac Léinn &
Scátáil 4

Oíche Oscailte &
Dátaí don
Dialann 4

Coláiste Chroí Mhuire

E A G R Á I N 10

E A N Á I R 2015

Focal ón bPríomhoide

A phobail na scoile a chairde,

Cuirim fáilte ó chroí roimh an nuachtlitir bhreá seo atá lán le deá-scéalta na scoile. Tréaslaím le Neasa Uí Choileáin as jab breá eile a bheith déanta aici. Nuair a fheicim an méid a bhíonn ar siúl ag pobal na scoile, tuigim go bhfuil muid go mór faoi chomaoín ag daltaí agus ag tuismitheoirí Choláiste Chroí Mhuire a thugann an oiread tacaíochta don scoil.

Tá liosta na ngaicé rofhada agus is cinnte go ndéanfaidh mé failli ar dhuine nó ar ghrúpa ach ba mhaith liom comhghairdeachas a dhéanamh lenár gcuid filí óga, Michelle Casburn (ardmholadh i gCuisle), Liadh Robertson (craobh náisiúnta Poetry Aloud) agus na filí óga a bhí foilsithe in Iris an Oireachtais. Tréaslaím lenár gceoltóirí a ghlac páirt i gCath na mBannaí i mBÁC agus i Scléip sa Taibhdhearc. Glacaim buíochas leis na traenáilaithe spóirt idir mhúinteoirí agus tuismitheoirí a oibríonn go crua lenár ndaoine óga. Is mór liom freisin na healaíntóirí óga ag fáil aitheantais sa chomórtas ealaíne de chuid an Chomhair Creidmheasa.

Maidir leis an taobh acadúil den scoil ba dheas iad na scéalta moltacha faoin scoil sna meáin náisiúnta i mí na Samhna. Ní hé go gcuireann muid iachail ar chuile scoláire dul go dtí an tríú leibhéal. Ní hé go gceapann muid go mbeadh an bealach sin ceart do ghach duine. Ach tá sé tábhachtach go mbeadh an rogha acu ag deireadh a gcuid ama sa scoil.

Ar ndóigh is léir ón obair a rinne lucht na hIdirbhlana agus a múinteoir Mairéad Uí Dhiollúin roimh Nollaig go bhfuil spiorad, cumas agus bua na fiontraíochta beo beathach sa scoil. Táim cinnte nach mise an t-aon duine de chuid an phobail a raibh gloine agam le linn na Nollag, de bharr a gcuid oibre maithe. Go n-éirí go geal lena gcomhlucht 'Bíodh gloine a't' sa chomórtas. Agus muid ag caint faoi bheith beo beathach, b'fhiú na daltaí a fheiceáil ag am lóin agus iad sa seomra nua. Bíonn na buachaillí ag déanamh ceapairí tóstáilte a fhad is atá na cailíní ag comhrá, agus iad ar fad ag ithe agus ag gáire in atmaisféar cairdeachais.

Mar is eol daoibh bhí cigireacht mhór againn agus cé nach raibh muid ag cur



Comhghairdeachas le daltaí Choláiste Chroí Mhuire a ghlac páirt i gComórtas **Tráth na gCeist** eagraithe ag Feachtas i gColáiste an Eachréidh i mBaile Átha an Rí le déanaí. D'éirigh thar cionn leo. Is i nIníon Bhreathnach a d'ullmhaigh na scoláirí don ócáid seo. Ar chúil: Conal Ó Caoimh, Siobhán Ní Neachtain, Róise Nic Dhonnagáin, Caoimhe Ní Chonghaile, Meabh Ní Churraoin, Rónán Ó Dóiráin Chun tosaigh: Máirtín Ó Conchubhair, Dónal Ó Sé, Luke Egan, Cathal Ó Conchubhair, Ruairc Ó Murchú.

cairpéid fáilteach amach, b'fhiú í dúinn ar fad. Mhol said na tuismitheoirí, na daltaí, na múinteoirí agus atmaisféar na scoile. Bhí go leor le foghlaim uathu agus táimid ag obair ar a gcuid moltaí. Táimid anois ag foilsíú tuairiscí ón mBord ar an suíomh idirlín, rud a chuideoidh go mór le cumarsáid idir an Bord agus tuismitheoirí. Ar an ábhar sin, meabhraím daoibh súil a chaitheamh ar an suíomh ó am go chéile.

Guím gach rath agus sláinte mhaith ar chuile dhuine don athbhliain agus glacaim buíochas libh as ucht bhur gcuid tacaíochta i gcónaí.

Triona Uí Mhurchú
Príomhoide



Comhghairdeachas le Tessa Ní Chrócaigh (2ra bl.), le Fáinche Robertson agus le Khalian Ní Fhloinn (1ú bl) ar éirigh leo duaiseanna a fháil i gcomórtas ealaíne de chuid Comhar Creidmheasa Choilmcille in Indreabhán. Bronnadh na duaiseanna orthu ag ócáid álainn ag an gComhar Creidmheasa ar an Luan 1ú Nollaig.



Breis pictiúir & scéalta ar www.ccm.ie

Scléip sa Taibhdhearc

Ghlac Trádmharc, banna ceoil Choláiste Chroí Mhuire, páirt i gcomórtas ceoil Scléip, a bhí ar siúl sa Taibhdhearc i nGaillimh le gairid. Chas said leagan Ghaeilge den amhrán Zombie leis na Cranberries. Bhí ard-chaighdeán ceoil ag an gcomórtas agus bhí Trádmharc ar fheabhas. Maith sibh!.

Camille Casburn Trahan (Canadh), Caoilfhionn Ní Chomhgháin (Méarchlár), Diollan ó Ceallacháin (Giotár), Charlie MacCárthaigh (Dordghiotár), Méabh Nic Dhonnacha (Fidil) agus Iain Ó Nuanáin (Drumái).




Fiontraíocht na hIdirbliana

Cuireadh tús iontach le clár fiontraíochta na hIdirbliana, nuair a d'eagraigh an BBQ don scoil uilig inár seomra bia nua. Bhain an scoil uilig sásamh as an bplaic le n-ithe blasta agus fuair an rang taithí



ar conas eachtra de tsórt a eagrú agus a chuir i gcrích.

Faoi Nollaig, bunaíodh an cuideachta "Bíodh gloint a't". Roghnaíodh sé dhearadh difriúil de théama na Nollag láimh phéinteáil ar ghloiní agus glacadh le h-ordaithe ó scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí. Tá ag éirí go geal leis an gcuideachta seo go dtí seo agus tá siad anois ag diriú ar ghloiní bunaithe ar théama Lá le Valintín agus an Cháisc, chomh maith le gloiní le teachtaireacht phearsanta.



Comórtas Náisiúnta 'Poetry Aloud'

Bá mhór an cúis bróid do mhuinteoirí agus daltaí Choláiste Chroí Mhuire gur éirigh le dalta ón dara bliain- **Liadh Robertson**, as Baile an tSléibhe sa Spidéal, an babhta ceannais don chomórtas náisiúnta Poetry Aloud, sa Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, a bhaint amach de hAoine seo chaite. Bhí breis agus 1,700 iontráil ón tír ar fad agus roghnaíodh Liadh mar dhuine den 12 deireanach i gcatagóir na sóisir.



Rinne Liadh cur i lathair corrúil do dhán Patrick Kavanagh 'In Memory of My Mother' sa gcearab agus léirigh sí tuisceant agus láithreoireacht dochreidte do cháilín chomh hóg. Comhghairdeachas ó chroí le Liadh agus pobal uile na scoile i gColáiste Chroí Mhuire! Comhghairdeachas le **Michelle Casburn** freisin (2ú B1)

Bronnadh duais 'Highly Recommended' uirthi as dán a chum sí féin 'Deja Vu Goodbyes' sa chomórtas clúiteach filíochta 'Cuisle'.

Obair Charthanachta



Déantar an-iarracht sa scoil i gconaí cúnaimh a thabhairt d'eagraíochtaí carthanachta ó thaobh airgead a bhailiú dóibh. Ag tús na bliana bhí lucht na hIdirbliana ag bailiú airgid taobh amuigh de na siopaí áitiúla ar son Enable Ireland. D'eagraigh Comhairle na Macléinn bailiúcháin bia ar son Naomh Uinsinn de Pól roimh an nollaig.

D'eagraigh In Ní Ráinne díolacháin cacaí ar ar an 11/12/14 ar son an Eagraíochta Um Chosaint Leanai (ISPC). Cuireann said line cabhrach ar fail ar a dtugtar "Childline" a thugann tacaíocht agus comhairle do dhéagóirí. Bailíodh €240 ar an lá. Míle buíochas do chách!

CÚRSAÍ SPÓIRT



Foireann Iománaíochta na céad bliana: **Ar chúil:** Cian Deane, Séan Ó Gráinne, Kian MacAnnaidh, Conor Ó Gamhnáin, Cahtal Ó Céarra. **Chun Tosaigh:** Liam Ó Mainín, Reiss Plower, Darragh Cox agus Troy Devaney



Camógaíocht

Bhí bua stairiúil ag foireann shóisear camógaíochta Scoileanna Chonamara i mí na Samhna nuair a bhuail siad Coláiste na Trócaire, An Ghráig i gCluiche Ceannais Chonnacht (Roinn C) a imríodh ar Pháirc Naomh Bhreandáin, Baile Locha Riach. Is i 2013 a cuireadh foireann Scoileanna Chonamara chun páirce don chéad uair riamh agus is é seo an céad chomórtas atá buaite acu. Is foireann déanta suas de chailíní ó Choláiste Chroí Mhuire, An Spidéal agus Coláiste Cholmcille, Indreabhán atá inti. Bhí na foirne cothrom ag leath-am ach chuaigh Scoileanna Chonamara chun tosaigh sa dara leath le ceithre cúl. Tháinig An Ghráig ar ais le trí cinn iad fhéin chun cluiche iontach a dhéanamh dhó ach nuair a seadadh an fheadóg dheiridh, bhí Scoileanna Chonamara chun tosaigh ar an scór 4-06 in aghaidh 3 -04. **Painéal ó CCM:** Áine Nic Dhonncha, Rosie Ní Dhubhghaill, Elana Nic Fhlannacha, Máire Ní Fhrighil, Blanca Ní Dhonnabháin, Aoife Nic Chormaic, Liadh Robertson, Mary Ní Fhéinne, Laoise Breathnach, Laura Ní hEimhrín, Meghan Ní Cheallaigh, Emma Cox, Gráinne Ní Fhatharta, Caitlín Ní Thuathail, Romy Ní Chuinneagáin, Rebecca Ní Alluráin.

Liathróid Láimhe

Glacann an scoil buíochas le Mike Ó Diollúin a dhéanann liathróid láimhe, go deonach, le daltaí na chéad bliana ag am lóin ar an Aoine. Tá na daltaí ag déanamh an-dul chun cinn faoi stiúr Mike.

Leabhra scoile

Ar mholadh Choiste na dTuismitheoirí, tá an scoil chun cabhrú le daltaí atá sásta siúl nó rothaíocht ar scoil. Déanfar iarracht cóipeanna baile de chuid de na leabhra a thabhairt don dalta, sa chaoi is go mbeidh said in ann leabhra a fhágáil sa taisceadán don lá scoile.

Cúrsaí Matamaitice - ixl.com

I mbliana shocraigh an rannóg matamaitice go gcuirfeadh siad ixl.com ar fáil do na daltaí sa chéad, dara agus tríú bliain. Suíomh idirlín mealltach é ixl.com atá idirghníomhach agus fíor -éifeachtach le scileanna matamaitice a chleachtadh agus a threisiú. Tá ábhar an suímh bunaithe ar shiollabas matamaitice na hÉireann. Is féidir úsáid a bhaint as ar scoil agus sa bhaile. Bíonn taifead ag na múinteoirí de na huaireanta agus de na topaicí atá déanta ag gach dalta. Ar ndóigh is rogha é seo do dhalta ach molainn muid úsáid an suíomh seo go mór. Tá ainm úsáideora agus pasfhocal faighte ag gach dalta sa chéad, dara agus tríú bliain agus beidh siad in ann úsáid a bhaint as an suíomh suas go dtí 31/10/15. Ó thosaigh muid cupla seachtain ó shin, tá os cionn 13500 fadhb matamaitice déanta ag cuid de na daltaí.



COMHAIRLE NA MACLÉINN



Baill de chomhairle na Mac Léinn, ó Choláiste Chroí Mhuire a rinne bailiúcháin ar mhaithe le Cumann Naomh Uinseann de Pól roimh an Nollaig.

Toghadh baill nua do chomhairle na Mac Léinn ag tús na scoilbliana nua. Bíonn beirt ionadaí ó gach bhliain. Is dream iontach gníomhach iad atá ag déanamh sár - obair, faoi stiúir Iníon Ní Chonchubhair, ar son na scoláirí eile. Bhailigh siad airgead trí lá gan éide scoile a eagrú (féach ar na pictiúir thíos) agus rinne siad bailiúcháin éadaí ar son Cash for Clobber. Baintear úsáid as an t-airgead seo le saol na daltaí sa scoil a fheabhsú!! Cheannaigh siad trealamh don seomra nua (ceaintín) agus anois ba mhaith leo seit geansaithe nua a cheannacht. Ba mhaith le Comhairle na Mac Léinn buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a thug tacaíocht dóibh.

Ar chúil: Luke Egan, Orlaith Ní Shé, Áine Nic Dhonncha, Evan Breathnach, Caoimhe Ní Fhatharta

Chun tosaigh: Máire Ní Fhrighíl, Cliona Ní Fhlannaire

Ar iarraidh ón phictiúr: Lisa Ní Niadh, Max MacCárthaigh, Luca Casburn Trahan, Charlie MacCárthaigh & Dara MacDubhghaill



OÍCHE OSCAILTE, 2014

Ná déanaigí dearmad ar ár nOíche Oscailte a bhéas ar siúl ar an **Déardaoin, 29ú Eanáir**. Beidh sé ar siúl ón 7.00 go dtí 9 san oíche. Beidh clárú don scoilbhliain 2015-2016 ar siúl ar an oíche, agus is féidir na foirmeacha iarratais a fháil ón scoil. Tosóidh an oíche le caint ón bPríomhoide/ Leasphríomhoide, agus ina dhiaidh sin beidh deis ag teaghlaigh turas na scoile a dhéanamh.

SCÁTÁIL 9/12/14

Bhí an-trathnóna ag lucht na céad bliana agus lucht na dara bliana a chuaigh go Gaillimh ag scátáil roimh an Nollaig. Iníon Ní Chonchubhair a d'eagraigh an lá dóibh agus chuaigh Bn Uí Nuadhnáin agus an Bn Uí Ghríofa leo le h-aire a thabhairt dóibh ar fad! Bhain siad ar fad triail as agus buíochas le Dia tháinig gach duine slán abhaile!! Seo thíos cuid de na pictiúir a tógadh ar an lá, níos mó ar an súiomh idirlín.



DÁTAÍ DON DIALANN

- ✓ 13ú Eanáir : Cruinniú Tuismitheoirí don 4ú Bliain
- ✓ 29ú Eanáir: Oíche Oscailte, 7.00 go dtí 9.00
- ✓ 16-20ú Feabhra : Briseadh meántearma.
- ✓ Bréagscrúdaithe: Tar éis an bhriseadh meántearma.
- ✓ 17ú Márta: Lá saoire bainc
- ✓ 30ú Márta – 10ú Aibreáin: An Cháisc
- ✓ 29ú Aibreáin: Turas scoile chuig Barcelona

Fón: 091-553115

Faics: 091-553:412

Ríomh-phost: oifig@ccm.ie

Suíomh Idirlíne: www.ccm.ie